



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Feabhra 2021
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0049(COD)

6439/21
ADD 4

RECH 71
COMPET 122
CODEC 247
IA 21

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	23 Feabhra 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2021) 36 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht Eorpach Mhéadreolaíochta arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 36 final.

Faoi iamh: SWD(2021) 36 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.2.2021
SWD(2021) 36 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh
CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht Eorpach Mhéadreolaíochta
arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát**

{COM(2021) 89 final} - {SEC(2021) 91 final} - {SWD(2021) 35 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin
Measúnú tionchair ar an gComhpháirtíocht Eorpach Mhéadreolaíochta
A. An gá atá le beart
Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?
Is éard is méadreolaíocht ann ná an staidéar eolaíoch ar thomhas. Tá sí ar cheann de na nithe is mó lenar féidir gníomhaíocht eacnamaíoch agus shóisialta a dhéanamh agus chun leas an phobail í. Faoi láthair, tá easpa tionchair ag clár um thaighde méadreolaíochta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh mar gheall ar ilroinnt gníomhaíochtaí agus dubailt iarrachtaí ar fud na mBallstát. Seo ag tráth a bhfuil méadú ar an iomaíocht dhomhanda sa mhéadreolaíocht roimh an Eoraip mar gheall ar an ngá méadaithe le réitigh mhéadreolaíochta a dhíríonn ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus forbairt táirgí nua. Thairis sin, i ngeall ar an méadú ar dhúshláin shochoíocha a éilíonn caighdeán iontaofa agus rialacháin is gá aghaidh phráinneach a thabhairt ar easpa neadaithe na méadreolaíochta sa chóras nuálaíochta ar an leibhéal Eorpach.
Cad é ba cheart a bhaint amach?
Faoi 2030, ba cheart don tionscnamh réitigh mhéadreolaíochta a sholáthar atá ar comhchéim ar a laghad leis na gníomhaithe is fearr ar fud an domhain, trí líonraí speisialaithe uile- Eorpach. Ba cheart do na réitigh mhéadreolaíochta sin tacú le díolacháin táirgí agus seirbhísí nuálacha nua trí eochairtheicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a ghlacadh agus a úsáid. Ba cheart do na réitigh rannchuidiú freisin le dearadh agus cur chun feidhme éifeachtach caighdeán agus rialacháin shonracha atá mar bhonn taca faoi bheartais phoiblí a thugann aghaidh ar dhúshláin shochoíocha.
Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?
Tá an raon feidhme maidir le leibhéil shuntasacha chomhtháthaithe i ndáil le hiarrachtaí taighde méadreolaíochta a chothú ar fud na hEorpa léirithe le tacaíocht ar leibhéal an Aontais go dtí seo. Go dtí seo, is éard is cúis leis an gcomhtháthú comhar ó bhun aníos ar an leibhéal tionscadail. I bhfianaise a tábhachta méadaithe maidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a éascú agus freagairt do dhúshláin shochoíocha, éilítear cur chuige níos straitéisí maidir le comhtháthú iarrachtaí méadreolaíochta chun treoíocht an taighde a neartú. Dá réir sin, eascróidh breisluach na gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i ndiaidh 2020 as cur chuige atá bunaithe níos mó ar chlár a dhíríonn ar thaighde méadreolaíochta i réimsí lena mbaineann tábhacht teicneolaíochta agus shochoíoch atá ag teacht chun cinn a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
B. Réitigh
Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?
Cistiú trí ghlaonna i gelár oibre Fís Eorpach is é an rogha bhonnlíne. Ní cheadófar leis an rogha sin cistiú náisiúnta institiúidithe a ghíaráil isteach sna gníomhaíochtaí. Bheadh an tionchar srianta d'aschur na dtionscadal aonair.
Is é an dara rogha comhpháirtíocht chomhchistithe ina gcomhchistíonn cuibhreannas d'institiúidí náisiúnta méadreolaíochta gníomhaíochtaí i gcomhar le Fís Eorpach. Maidir leis na féidearthachtaí le haghaidh rannpháirtíocht eintiteas atá seachtrach don chuibhreannas d'institiúidí méadreolaíochta, beidh siad srianta faoin rogha seo.
Is éard atá sa tríú rogha comhpháirtíocht institiúidithe faoi Airteagal 185 CFAE. Ar bhonn gealltanais tosaigh le haghaidh thréimhse iomlán an tionscnaimh, déanfaidh sé cistiú náisiúnta institiúidithe a ghíaráil i dtreo córas fadtéarmach líonraí inbhuanaithe Eorpacha méadreolaíochta a dhíreoidh ar an inniúlacht taighde méadreolaíochta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i réimsí tábhachtacha a bhfuil tionchar acu ar theicneolaíochtaí agus dúshláin shochoíocha atá ag teacht chun cinn a chothú. Faoi rogha chistiúcháin sin beifear in ann teagmháil a dhéanamh le réimse leathan rannpháirtithe seachtracha ar feadh 'slabhra luacha méadreolaíochta', lena n-áirítear bunaitheoirí caighdeán agus rialálaithe chomh maith leis an tionscal agus úsáideoirí deiridh eile. Ar na cúiseanna sin, is é seo an

rogha thosaíochta.
Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara difriúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo
Tá tuairimí na bpáirtithe leasmhara comhsheasmhach ar fud gach cineál freagróra, agus tugtar le fios leo gurb é rogha na comhpháirtíochta institiúidí faoi Airteagal 185 an rogha thosaíochta toisc an fhéidearthacht a bhaineann léi cur chuige fadtéarmach straitéiseach atá bunaithe ar chlár a chur chun feidhme.
C. Tionchar na rogha tosaíochta
Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?
Tá comhpháirt dhíreach agus comhpháirt indíreach araon ag na sochair eacnamaíocha. An comhpháirt dhíreach ná an méadú ar dhíolacháin ionstraimíochta agus seirbhísí nasctha i dtionscal. Meastar gurb ionann seo agus EUR 50 milliún in aghaidh na bliana. Ina theannta sin, tá tionchar breise indíreach fadtéarmach gearála ar dhíolacháin ag cuspóir na nuálaíochta a chur chun cinn i réimsí straitéiseacha chur i bhfeidhm. Baineann na sochair shóisialta agus chomhshaoil go díreach leis na líonraí speisialaithe méadreolaíochta. Soláthraíonn na líonraí réitigh shonracha mhéadreolaíochta do na páirtithe leasmhara uile ar fud shlabhra luacha na méadreolaíochta, lena n-áirítear tionscal, úsáideoirí deiridh agus saoránaigh.
Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?
Baineann na príomhchostais le costais riaracháin an tionscnaimh, a bhfuil uasteorainn 5 % den bhuiséad iomlán leo. Tá céatadán ní b'íse ná sin tuairiscithe i gcás tionscnaimh roimhe seo faoi Airteagal 185 CFAE.
Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?
Trí ghlacadh agus úsáid teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a éascú, tacóidh an tionscnamh le FBManna agus fiontair mhóra chun sciar den mhargadh domhanda a ghabháil trí tháirgí agus seirbhísí nuálacha nua a dhíol, agus feabhas á chur ar an iomaíochas dá réir sin. Trí thacú le caighdeáin agus rialacháin atá oiriúnach dá bhfeidhm a fhorbairt agus a chur chun feidhme, laghdófar leis an tionscnamh costais chomhlíontachta do ghnólachtaí, rud a fheabhsóidh an t-iomaíochas tuilleadh.
An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?
Trí acmhainní a chomhthiomsú agus díriú ar thosaíochtaí gnách-chomónta straitéiseacha, cuirfear leis an tionscnamh ar chumas do na Ballstáit éifeachtúlacht a n- infheistíochtaí poiblí a mhéadú agus feabhas a chur ar an toradh i dtéarmaí scála na dtionchar eacnamaíoch agus sochaíoch a bhainfear amach. I dtéarmaí tiomantais airgeadais, an tionchar a bheadh ann ná go leithdháilfí cistiú náisiúnta le haghaidh fhad iomlán an tionscnaimh. Ba cheart an t-ualach riaracháin ar an leibhéal náisiúnta a laghdú tríd an tionscnamh a bhainistiú ar an leibhéal Eorpach trí struchtúr tiomanta cur chun feidhme.
An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?
Leis an tionscnamh cuirfear ar a cumas don Eoraip a ceannaireacht domhanda ar an taighde méadreolaíochta a choinneáil ar bun trí bheith ar a laghad lenár n-iomaitheoirí maidir le cistiú méadreolaíochta a dhíriú ar thosaíochtaí straitéiseacha.
Leis an tionscnamh cuirfear ar a cumas don Eoraip freagairt níos éifeachtaí don ráta gasta reatha aistrithe shóisialta trí réitigh thomhais atá oiriúnach dá bhfeidhm a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochoíocha i réimsí amhail an tsláinte, an comhshaoil agus fuinneamh. Méadófar leis sin freisin inniúlacht na hEorpa chun freagairt go héifeachtach d'éigeandálaí domhanda, amhail paidéim COVID-19
Leis an tionscnamh cuirfear ar a cumas don Eoraip a bheith ina ceannaire ar rialacha córa trédhearcacha trádála

idirnáisiúnta a shainiú agus ar fhreagairt d'éigeandálaí domhanda, amhail paindéim COVID-19.
Comhréireacht?
Is í an rogha thosaíochta an t- aon rogha a chomhlíonann na cuspóirí go léir.
D. Iarobair
Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?
Déanfar athbhreithniú meántearma ag deireadh 2024 ar a dhéanaí, ar athbhreithniú é lena ndéanfar measúnú ar an dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí a bhaint amach, lena n- áirítear straitéis scoir bunaithe ar líonraí uile- Eorpach, i measc rudaí eile.